


Department for Infrastructure
An Roinn Bonneagair
Depairtment fur Infrastructure
www.infrastructure-ni.gov.uk

# An Roinn Bonneagair


## Plean Gnó 2025-2026

// TOSAÍONN ACHAN RUD ANSEO



# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Aire | 4 |
| Ár bhFís don Todhchaí | 6 |
| Bunchlocha na Roinne Bonneagair do Thodhchaí Níos Fearr | 10 |
| An Roinn s’againn | 13 |
| An Comhthéacs Straitéiseach | 21 |
| Buiséad 2025-26 | 24 |
| Plean Gnó na Roinne Bonneagair do 2025-26 | 26 |
| An dul chun cinn s’againn / Faireachán ar an Phleann | 30 |

# Réamhrá ón Aire

Tá an bonneagar ríthábhachtach don tsaol s'againn uilig. Tugann sé fíorbhuntáistí dár saoránaigh, ár bpobail, agus an geilleagar, agus tá sé cinniúnach maidir le scaoileadh le hacmhainneacht an gheilleagair.

Téann sé in ngleic le míchothromaíochtaí réigiúnacha, agus cuireann sé athruithe dearfacha ar fáil ar son achan duine.

I mí Feabhra i mbliana, ba mhór an onóir dom cúram an Aire Bonneagair a glacadh, i gcomharbacht ar John Ó Dowd. Creidim go láidir gur bunchloch don tsochaí níos fearr é an bonneagar.

Ó bunaíodh an Feidhmeannas i mí Feabhra 2024, tá roinnt eochairthionscadail bhonneagair curtha ar fáil ag an Roinn, lena n-áirítear oscailt Mhórstáisiún Bhéal Feirste agus cur i gcrích *an Scéim um Maolú Thuile na Taoide i mBéal Feirste*.

Agus muid ag dul ar aghaidh, tá mé tiománta do níos mó a chur ar fáil don phobal anseo agus do dhul i ngleic le míchothromaíocht réigiúnach. Tá buiséad agus Clár don Rialtas (CR) comhaontaithe againn anois a dhíríonn ar dhul i ngleic le saincheisteanna ríthábhachtacha dár bpobal agus don domhan s'againn, chomh maith le rath a fheabhsú.

Leis an fhís atá sa Chlár don Rialtais a bhaint amach, tá achoimre déanta agam ar sheacht bpríomhbhuncloch atá mar chrainn taca don obair atá á déanamh ag an Roinn s'agam fá láthair le todhchaí níos fearr a mhúnlú.

Tá na Bunchlocha do Thodhchaí Níos Fearr dírithe ar athrú dearfach don phobal, an geilleagar agus an comhshaol agus cuireann siad daoine agus an ionchuimsitheacht i gcroílár achan rud a dhéanann muid. Ina measc sin, tá dul i ngleic lenár n-aschur carbóin fríd thionscnaimh amhail líon na bhfeithicilí astaíochtaí ísle/nialasacha a mhéadú agus córais iompair eile atá níos glaine, amhail an t-iompar poiblí, an choisíocht, an taisteal le gléasanna dóibh siúd atá faoi mhíchumas, agus rothaíocht a chur chun cinn.

Caithfidh muid dul i dtaithí ar éifeachtaí na hathraithe aeráide fríd leanúint le bainistíocht riosca i gcás tuilte agus le feabhsúcháin ar an bhonneagar.


Tá muid ag iarraidh ár mbóithre a fheabhsú le cothabháil agus nuálaíocht ardchaighdeáin, agus beidh réitigh bunaithe ar an dúlra an-tábhachtach má tá muid le huisce stoirme agus fuíolluisce a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe le riosca tuilte agus truailliú a laghdú. Tá obair ar siúl i rith an ama le turas feabhsúcháin an chórais pleanála a leanúint.

Aithním go mbeidh deacrachtaí romhainn, ach tá mé réidh le haghaidh a thabhairt orthu. Sa Phlean Gnó seo, moltar 30 gníomh ardleibhéil le dul i ngleic le roinnt de na saincheisteanna is mó tábhacht atá againn. Ina measc sin, tá dul i ngleic leis an athrú aeráide fríd níos mó scéimeanna don taisteal ghníomhach a chur le chéile, amhail an Droichead Lagáin do Choisithe & do Rothair.

Maidir lenár n-aschur carbóin a laghdú, tá achan turas tábhachtach. Ach athruithe beaga a dhéanamh ar ár roghanna taistil, thig linn difear mór a dhéanamh i dteannta a chéile. Tá rún agam an t-ullmhúchán a dhéanamh a chuirfidh níos mó deiseanna ar fáil dúinn uilig le hathsmaoineamh a dhéanamh ar ár nósanna taistil. Ina measc sin, tá: infheistiú a dhéanamh i mbusanna agus traenacha astaíochtaí nialasacha, úsáid feithiclí leictreacha a chur chun cinn, sintí a chur leis an Chóras Meariompair Glider.

Leanfaidh mé orm ag dul i ngleic le riosca tuilte agus tús áite a thabhairt do chothromaíocht réigiúnach inár ngréasán bóithre fríd thionscadail amhail Conair Iompair an Iarthair, mar atá, an A5, Seachbhealach Inis Ceithleann ar an A4, Seachbhealach na Coirre Críochaí, ar an A29, Bóthar Faoisimh Deisceartach an Iúir, agus Uasgrádú Céim 2 ar Chumair ar an A1.

Mar gheall ar an tearcmhaoiniú a rinneadh inár mbonneagar le blianta fada anuas, tasc nach beag a bheas ann lenár gcórais uisce agus camrais a fheabhsú, rudaí a mbeidh costas billiún air agus glacfaidh sé lear mór blianta. Leanfaidh mé orm



Ienár gcur chuige tríthaobhach, dul i gcomhar le comhghleacaithe san Fheidhmeannas san áireamh, le hinfheistíocht fá choinne bhonneagar uisce agus fuíolluisce a mhéadú, smaoineamh ar roghanna fá choinne rannaíocaíochtaí ó fhorbróirí, agus Water, Sustainable Drainage and Flood Management Bill a thabhairt isteach sa Tionól le réitigh nádúrtha draenála a chur chun cinn.

Beidh am agus acmhainní de dhíth le bonneagar láidir seasmhach a thógáil do thodhchaí níos fearr ach creidim go dtig linn leanúint de dhifir dhearfacha inbhraite a dhéanamh sa bhliain atá romhainn.

**Liz Kimmins CTR**
An tAire Bonneagair

# Ár bhFís don Todhchaí

Is cnámh droma ár sochaí é an Bonneagar - nascann sé muid le chéile, cuireann sé deiseanna ar fáil agus tacaíonn sé lenár ngeilleagar. Achan lá, cuireann sé seirbhísí bunriachtanacha ar fáil a mbíonn tionchar acu ar ár saol laethúil. Tosaíonn achan rud anseo.

Ach agus muid ag amharc ar an am atá ata le teacht, caithfidh muid a chinntiú go mbeidh ár mbonneagar inbhuanaithe, seasmhach agus fóirsteanach do na dúshláin romhainn.

Tá an Roinn Bonneagair tiomanta do shochaí níos glaine, níos glaise agus níos nasctha a chur ar fáil dúinn uilig. Ní hamháin go gcaithfidh ár mbonneagar tacú le fás eacnamaíoch ach caithfidh sé an t-aistriú go neodracht a spreagadh. Ach infheistíocht a dhéanamh in iompar dícharbónaithe, bainistiú inbhuanaithe uisce agus bonneagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, thig linn bunchlocha a chur síos do shochaí ísealcharbóin a bheidh faoi bhláth.

Thig linn athrú dearfach a dhéanamh ach naisc ísealcharbóin níos fearr a chur ar fáil - a nascann daoine, pobail agus an dúlra agus  ag an am chéanna, a laghdíonn ár dtionchar ar an chomhshaol. Fríd infheistíocht a dhéanamh in iompar inbhuanaithe agus ceangal digiteach, tacóidh muid le cothromaíocht réigiúnach agus cruthóidh muid níos mó deiseanna do dhaoine áitiúla agus cuairteoirí araon.

Le hinfheistíocht sa bhonneagar spreagfar an bogadh i dtreo iompar astaíochtaí ísle, feabhsófar caighdeán an aeir agus beifear in ann maireachtáil i lár cathracha. Fríd bhonneagar a dhearadh a chuireann daoine chun tosaigh— a thacaíonn leis an choisíocht, an taisteal le gléasanna dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus le rothaíocht – thig linn folláine a fheabhsú, plódú a laghdú agus áiteanna níos sláintiúla bríomhaire a chruthú.

Lena chinntiú go gcuirfidh muid an fhís seo cun críche, tá achoimre déanta ag an Aire ar shruthanna oibre sna Seacht mBunchloch do thodhchaí Níos Fearr.

## SRUTHANNA OIBRE NA MBUNCHLOCH S'AGAINN:

### 1 DUL I NGLEIC LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE

Mar fhreagra ar an ghéarchéim aeráide, tá gníomhartha nach beag á ndéanamh le hastaíochtaí a laghdú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Ba shuntasach tionscnamh amháin a rinneadh ná 100 bus leictreacha a leathadh amach, ar thacaigh infheistíocht de £64 milliún leis. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo astaíochtaí carbóin a laghdú agus caighdeán an aeir a fheabhsú. Ina theannta sin, déanfaidh an Vehicle Emissions Trading Scheme Amendment Order 2024 an bhealach a réiteach do níos mó feithicilí astaíochtaí nialasacha a bheith ann. De réir mar a bhogann muid ar aghaidh, caithfidh muid leanúint de bheith ag laghdú ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ón chóras iompair. Déanfaidh muid é fríd fheithicilí díosail agus peitril a athrú go feithicilí astaíochtaí nialasacha lenár spriocanna athraithe aeráide a chomhlíonadh

### 2 NÍOS GLAINE AGUS NÍOS GLAISE

Le córas iompair níos glaine níos glaise a chruthú, tá muid ag cur roghanna inbhuanaithe eile chun cinn amhail iompar poiblí, an choisíocht, an taisteal le gléasanna dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus rothaíocht. Fríd bhonneagar don taisteal ghíomhach a fheabhsú,

tá sé mar aidhm againn na roghanna seo a dhéanamh níos mealltaí agus níos inrochtana, go háirithe do thurais níos giorra. Leis an athrú seo, tiocfaidh feabhsú ar chaighdeán an aeir agus sábháilteacht ar bhóithre, rud a dhéanfaidh pobail níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe dár mbailte móra agus dár sráidbhailte.

## 3 DUL IN OIRIÚINT DON ATHRÚ AERÁIDE



Leis na tuilte uafásacha i bhFómhar na bliana 2023, tarraingíodh aird ar an ghá phráinneach le níos mó bainistithe ar an riosca tuilte: Tá thart fá 45,000, nó 5% de réadmhaoin i mbaol tuilte fá láthair. Tá pleananna straitéiseacha um bainistíocht riosca i gcás tuilte curtha le chéile ag an Roinn agus tá an Scéim um Maolú Thuile na Taoide i mBéal Feirste ann ar fiú £33 milliún í. Déanann an scéim seo cosaint ar níos mó ná 3,000 teach agus gnólacht. Fríd chomhoibriú le ranna eile agus fríd a bheith ag tacú le 50 pobal atá i mbaol tuilte, tá muid ag obair le seasmhacht a thógáil do thithe agus do ghnólachtaí, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tuilte orthu sa todhchaí a mhaolú.

## 4 BÓITHRE NÍOS FEARR



Tá gréasán bóithre fairsing againn agus le cothabháil a dhéanamh air, caithfear díriú ar fheabhsúcháin ardchaighdeáin agus ar chuir chuige nuálacha. Fá láthair, déanann muid cothabháil ar 26,000km de ghréasán bóithre ina bhfuil motarbhealaí, bóithre den rang A, B agus C agus bóithre neamhrangaithe. Deisíonn muid, ar an mheán, 85,000 fabht agus cuireann muid athdhromchla ar thart fá 330km de lánaí bóithre achan bhliain, agus cuireann muid gnáthchothabháil amhail folmhú silteán agus bearradh féir ar fáil. Tá caighdeán an ghréasáin bóithre ag meath i rith an ama, áfach. Meastar gur gá dúinn thart fá £190m a infheistiú achan bhliain lena chothabháil de réir an chaighdeáin riachtanaigh. Ó tharla nach bhfuil na hacmhainní seo ar fáil don Roinn agus nach dócha go mbeadh siad ar fáil sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma, tá cur chuige de dhíth orainn a bhaineann lántairbhe as an mhéid atá againn.

Mar sin de, tá muid ag cur teicnící cothabhála cliste i bhfeidhm chomh maith le teicneolaíochtaí nua le staid an bhóthair a fheabhsú. Ina measc sin, tá infheistíocht inár ndaoine fríd Acadamh Scileanna na Roinne Bonneagair a bhunú, rud a léiríonn ár dtiomantas do thalann nua agus do smaointe nua in innealtóireacht a chothú, rud a chinnteoidh go gcomhlíonfaidh ár mbonneagar na riachtanais a bheas ann sa todhchaí.

Tá muid tiomanta fosta do chaipiteal a infheistiú i Mórscéimeanna Bóithre nuathógála (amhail Conair Iompair an Iarthair, mar atá, an A5) agus Mórthionscadail Iompair (amhail BRT2) a gcuirfear roinnt acu ar fáil mar Thionscadail City and Growth Deal. Leis na hinfeistíochtaí seo:-

- laghdófar am a ghlacann turais, iontaofacht san am a ghlacann turais a mhéadú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú;
- nascacht níos fearr a chur ar fáil, rud a chuirfidh le fás eacnamaíoch agus a laghdóidh míchothromaíocht réigiúnach; agus
- an taisteal gníomhach feabhsaithe a chur ar fáil agus laghdú ar thaisteal i gcarranna i gceantair uirbeacha.

## 5 UISCE AGUS FUÍOLLUISCE

Is acmhainn iontach é uisce do dhaoine agus don tsochaí. Tá sé riachtanach d'achan fhoirm bheatha, don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol i gcoitinne. De dheasca na tearcinfheistíochta le blianta fada anuas, tá meath tagtha ar ár gcórais camrais agus ar ár mbonneagar draenála. Ní leor an maoiniú atá ar fáil lenár gcórais uisce agus camrais atá ann anois a uasghrádú/athrú agus tá srianta ar an mhéid oibre is féidir a dhéanamh nó a ghlacadh i gceantair uirbeacha atá ann fá lathair.

Leanfaidh muid ar aghaidh le maoiniú breise a lorg ón Fheidhmeannas le hinfheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar uisce agus camrais agus scrúdóidh muid bealaí inar féidir le forbróirí cur leis seo. Tá muid tiomanta fosta le réitigh bunaithe ar an dúlra a chur i bhfeidhm le cáilíocht an uisce a fheabhsú, feidhmíocht an chórais camrais a fheabhsú agus riosca tuilte a laghdú. Fríd chomhairliúcháin phoiblí a sheoladh agus tacaíocht reachtach a fháil, tá sé mar aidhm againn córas fuíolluisce níos marthanaí agus níos inbhuanaithe a thógáil ar féidir leis dul i ngleic le dúshlán a bheas romhainn.

## 6 PLEANÁIL DON FHEABHSÚ

Is minic a fheictear an córas pleanála mar chóras casta agus maorlathach, ach tá muid ag obair le próisis a chuíchóiriú agus an córas sin a dhéanamh níos éifeachtúla. Fríd sheiceálacha bailíochtaithe reachtúla a chur i bhfeidhm agus maorlathas neamhriachtanach a laghdú, tá sé mar aidhm againn córas pleanála a chruthú a chomhardaíonn leasanna éagsúla go héifeachtach. Tá sé an-tábhachtach dul i teagmháil le comhairlí áitiúla lena chinntiú go gcomhlíonann an córas riachtanais na bpáirtithe leasmhara uilig; agus tá muid ag iarraidh am a fháil ón mhaorlathas agus páipéarachas ionas go dtig leo beartais phleanála a chruthú agus cinntí pleanála níos fearr a dhéanamh dár sochaí.


## 7 DAOINE A IONCHUIMSIÚ

Tá ionchuimsiú ag croílár ár n-iarrachtaí le hiompar agus bonneagar inrochtana a chruthú do chách. Tá muid ag cur Clár Ionchuimsithe le chéile a dhíríonn ar dhul i ngleic le heisiamh taistil agus, cinnteoidh an clár seo go bhfuil an neamhspleáchas ag na daoine atá faoi mhíchumas atá de dhíth orthu. Tá muid ag cur cláir le chéile fosta le dul i ngleic le himní sábháilteachta, go háirithe do mhná agus do chailíní, a bhfuil sé mar aidhm acu an taisteal gníomhach agus an t-iompar poiblí a dhéanamh níos fáiltí do chách.

**TÁ NA BUNCLOCHA SEO MAR CHRAINN TACA DON OBAIR ATÁ Á DÉANAMH AG AN ROINN NA LAETHANTA SEO LE TODHCHAÍ NÍOS FEARR A MHÚNLÚ.**


SCANIA
423
Ulsterbus
UEZ 2423

# Bunchlocha na Roinne Bonneagair do Thodhchaí Níos Fearr




## DAOINE

**Seirbhísí ionchumsitheacha a chur ar fáil dár bpobail fríd sholáthar agus cothabháil ár sócmhainní bonneagair.**

## AN DOMHAN

**Dul i ngleic leis an athrú aeráide fríd iompar inbhuanaithe bonneagair agus seirbhísí.**

## RATH

**Forbairt agus pleanáil a dhéanamh do bhonneagar agus do chóras pleanála a chuireann le rath, a spreagann fás eacnamaíoch agus a fheabhsaíonn nascacht.**


and Central Station




# An Roinn s'againn

## CÉ MUID AGUS AN RUD A DHÉANANN MUID

Déanann an Roinn Bonneagair maoirseacht ar chothabháil, forbairt agus pleanáil an bhonneagair ríthábhachtaigh i dTuaisceart Éireann. Tá sé de chúram ar an Roinn £37 billiún de shócmhainní poiblí a bhainistiú agus a chosaint agus ina fhianaise sin, tá sé mar aidhm ag an Roinn caighdéan na beatha a fheabhsú, maireachtáil inbhuanaithe a chur chun cinn trí thionchar ar an chomhshaol a laghdú, eochairsheirbhísí a dhícharbónú fás eacnamaíoch a chothú fríd tháirgiúlacht ionchuimsitheach.

I measc na sócmhainní sin, tá: 26,000+ km de bhóithre; 5,900 droichead; 10,000 km de chosáin; tuairim ar 300,000 solas sráide; 426 km de chosaintí ardaithe in éadan tuilte agus ballaí tuilte; 26 km de chosaintí cósta; agus tuairim ar 366 km de lintéir faoin talamh.

Tá sainordú leathan ilchineálach ag an Roinn, agus tá a freagreachtaí rangaithe i dtrí chroíréimse: cúrsaí iompair, uisce agus pleanáil.



# IOMPAR

Tá an Roinn freagrach as bainistiú, maoirseoireacht agus dícharbónú a dhéanamh ar iompar de mhuir is tír i dTuaisceart Éireann. Ghní muid na gréasáin bóithre agus iarnróid a chothabháil le tacú le taisteal sábháilte laethúil agus an iompar earraí agus beartas iompair a fhorbairt agus sócmhainní móra an ghréasáin bóithre a bhainistiú.

Mar urraitheoir ar an NI Transport Holding Company (NITHC) a dhéanann maoirseacht ar na seirbhísí bus agus iarnróid, seirbhísí atá faoi úinéireacht phoiblí, tá muid freagrach as straitéis chuimsitheach iompair do Thuaisceart Éireann a chruthú, ina leagfar amach fís a bheas dírithe ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide agus ar nascacht a fheabhsú.

Is eochairthosaíocht é taisteal sábháilte inrochtana do chách a chinntiú. Tá dualgas reachtúil againn sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, básanna a laghdú agus gortuithe a chosc ar na bóithre. Fríd an Driver and Vehicle Agency, an t-aon ghníomhaireacht amháin s'againn, rialaíonn muid ceadúnú do thiománaithe agus don iompar tráchtála; déanann muid tástáil ar na feithiclí agus ar na tiománaithe; cinntíonn muid comhlíonadh agus déanann muid forfheidhmiú cois bóthair.





# UISCE

## Tá sé ríthábhachtach go bhfuil teacht ag daoine ar uisce óil glan agus ar chóras fuíolluisce ar féidir brath air don tsláinte phoiblí, inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus forbairt eacnamaíoch. Tacaíonn sé le fás, tithíocht agus an rath sa todhchaí.

Tá ról an-tábhachtach ag An Roinn i mbeartas uisce, fuíolluisce, draenála agus is í an t-aon scarshealbhóir de Northern Ireland Water. Soláthraíonn an chuideachta seo, atá rialáilte go neamhspleách, 605 milliún lítear uisce óil in aghaidh an lae do 920,000 teach agus ag an am chéanna, cóireálann sí 360 milliún lítear fuíolluisce in aghaidh an lae sula gcuireann sí ar áis sa chomhshaol é.

Tá an Roinn ag cur draenáil inbhuanaithe chun cinn fríd bheartais, pleananna agus tionscadail phíolótacha a fhorbairt, le riosca tuilte a mhaolú, an chomhshaol a chosaint, agus tacú le fás eacnamaíoch. Ina theannta sin, coinníonn an Roinn bail ar chosaintí abhann agus farraige; tógann sí scéimeanna maolaithe tuilte; cruthaíonn sí léarscáileanna tuilte; agus cuireann sí faisnéis fá riosca tuilte ar fáil.

Os rud é gur muidne an comhlacht rialtais atá i geannas don chomhordú straitéiseach a dhéanamh ar fhreagairtí éigeandála ar adhaimsir go straitéiseach, tuilte san áireamh, oibreoidh muid i gcomhar le comhpháirtithe ilghníomhaireachtaí le pleananna éigeandála agus straitéisí freagartha a chruthú. Déanann muid urraíocht ar an Drainage Council, a chinneann cé acu sruthchúrsaí agus cosaintí farraige a ba cheart a chothabháil ar chostas an phobail.

In a theannta sin, tacaíonn muid le hUiscebhealaí Éireann – ceann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh-Theas a chuireann úsáid áineasa agus loingseoireachta ar ár n-uiscebhealaí chun cinn. Déanann Uiscebhealaí Éireann níos mó ná 1,100km d’uiscebhealaí intíre inseolta, fá choinne foillíochta go príomha.

# PLEANÁIL

Tá an Roinn freagrach as stiúradh straitéiseach agus as ceapadh an bheartais réigiúnaigh maidir leis an phleanáil d'úsáid an talaimh. Imríonn muid tionchar ar reachtaíocht pleanála, déanann muid maoirseacht ar an chóras pleanála agus téann muid i gcomhar leis an rialtas áitiúil agus le pobail áitiúla le háiteanna inbhuanaithe sláintiúla le cónaí iontu. Ina theannta sin, próiseálann muid líon teoranta d'iarratais phleanála atá suntasach ar bhonn réigiúnach agus iarratais phleanála dtugann an Státrúnaí breith orthu.

I gcomhpháirtíocht le rialtas áitiúil agus le páirtithe leasmhara, tá an Roinn ag brú clár um pleanáil a fheabhsú chun cinn. Le gairid, rinneadh athchóiriú ar an chlár. Díríonn céim 2 ar dhiagnóis chomhoibríoch ar na saincheisteanna oibríochta a bhfuil tionchar acu ar fheidhmíocht an chórais. Chomh maith, díríonn céim 2 ar fholláine daoine atá sa chóras a fheabhsú agus ar an phictiúr mhór a fheiceáil fríd an áit a fheabhsú don tsochaí.

Tacaíonn muid le hiompar inbhuanaithe agus oibríonn muid go dlúth le comhairlí áitiúla agus iad a bPleananna Forbartha Áitiúla a fhorbairt, i dteannta le Pleananna Iompair Áitiúil na Roinne. Tá ról lárnach ag na pleananna seo in astaíochtaí carbóin a laghdú agus pobail inbhuanaithe a chothú.





# NA FREAGRACHTAÍ S'AGAINN




1 Bainistiú an Ghréasáin Bóithre

2 Stadanna Bus & Glider

3 Bonneagar do Sheirbhísí bus & traenach

4 Bonneagar do Shábháilteacht ar Bhóithre

5 Bealaí don choisíocht, taisteal ar rotha& rothaíocht

6 Tosaíocht bus

7 Soilse Sráide

8 Pleanáil straitéiseach agus comhairlí d'achan iarratas pleanála

9 Scéimeanna Maolaithe Tuilte amhail *an Scéim um Maolú Thuile na Taoide i mBéal Feirste*

10 Forfheidhmiú páirceála

11 Sábháilteacht ar bhóithre & sábháilteacht feithicile (GTF).

12 An gréasáin bóithre a chothabháil


1
7
8
9
10
11
12
Santander

# FOIREANN SHINSEARACH CEANNAIREACHTA NA ROINNE BONNEAGAIR

**Aire na Roinne Bonneagair - Liz Kimmins CTR**

**Rúnaí Buan na Roinne Bonneagair - Declan McGeown**


| An Aeráid, Pleanáil & an tIompar Poiblí | Bainistíocht Iompair & Sócmhainní Bóithre | Uisce & Soláthar na Roinne | |
|---|---|---|---|
| **Leas-Rúnaí**<br>**Judith Andrews** | **Leas-Rúnaí**<br>**Colin Woods** | **Leas-Rúnaí**<br>**Declan McGeown** | |
| **Rialachas don Phleanáil Réigiúnach, Reachtaíocht**<br>Rosemary Daly | **Mórthionscadail**<br>Jonathan Saulters | **Cúrsaí Airgeadais (Urraíocht Uiscebhealaí Éireann san áireamh)**<br>Susan Anderson | **Beartas Uisce & Draenála**<br>Alison Clydesdale |
| **Beartas & Cásobair don Phleanáil Réigiúnach**<br>Dr Kathryn McFerran | **Soláthar i mBéal Feirste**<br>Gavin Allen | **Rialachas, an tAE, Saoráidí agus Tacaíocht ón Aire**<br>Donal Moran | **Draenáil Inbhuanaithe**<br>Simon Richardson |
| **GTF**<br>Jeremy Logan | **Beartas um Innealtóireacht ar Bhóithre agus Clár Mercury**<br>David Porter | **Straitéis agus Feidhmíocht Chorparáideach**<br>Kiera Lloyd | **Oibríochtaí Aibhneacha**<br>Gary Quinn |
| **Tiomáint, Beartas um Fheithicilí agus Sábháilteacht ar Bhóithre**<br>Chris Hughes | **Forbairt na Sócmhainní Bóithre**<br>Liam McEvoy | **Cumarsáidí, Gnóthaí Poiblí & Teagmháil**<br>Karen Fullerton | **Forbairt Aibhneacha**<br>Jonathan McKee |
| **Oibríochtaí Iompair Phoiblí**<br>Peter Rice | **Cothabháil ar Shócmhainní Bóithre**<br>Colin Sykes | | |
| **Rialachán Iompair agus Beartas fá choinne Iompar Poiblí**<br>Brenda Burke | **Pleanáil agus Beartas Iompair**<br>Sian Kerr | | |
| **Iarnróid, Rialú Iompair agus an Comhshaol**<br>Michael Kennedy | **Conair Iompair an Iarthair, mar atá, an A5, agus an Taisteal Gníomhach**<br>Colin Hutchinson | | |
| | **Seirbhísí Comhairliúcháin um Innealtóireacht Bóithre agus Soláthar**<br>Daniel Healy | | |

# An Comhthéacs Straitéiseach

Tá an Plean Gnó seo mar chuid de ghrúpa doiciméad ina leagtar amach fís uaillmhianach na Roinne don todhchaí. Díríonn sé ar fhorbairt inbhuanaithe, teicneolaíocht nuálach agus bonneagar seasmhach. Fríd tús áite a thabhairt do thionscnaimh ghlasa, nascacht digiteach a fheabhsú agus iompar agus gréasáin uisce láidre a chinntiú, tá sé mar aidhm ag an Roinn tírdhreach bonneagair a chruthú atá níos éifeachtúla, níos ionchumsithí agus nach ndéanann dochar don chomhshaol. Cuireadh an cur chuige forásach seo le chéile le freastal ar riachtanais an phobail, atá ag forbairt i gcónaí, agus le tacú le fás eacnamaíoch do na glúnta atá le teacht.

Le cuidiú linn an fhís seo a chur chun críche, agus le cuspóirí an Aire maidir leis na Seacht mBunchloch don Todhchaí a chomhlíonadh, chomh maith leis an bhuiséad comhaontaithe do 2025-26 agus an Clár don Rialtas, tá na doiciméid seo a leanas curtha le chéile ag an Roinn: an Creat Straitéiseach, Plean Údaráis na Roinne Bonneagair agus Plean Gnó na RB do 2025-26.

## AN TSRAITH DOICIMÉAD CORPARÁIDEACH BEARTAITHE ÓN RB



## AN CREAT STRAITÉISEACH

Leagtar amach sa Chreat Straitéiseach na príomhghnéithe d'obair na Roinne agus na dúshláin atá rompu maidir leis na seirbhísí poiblí riachtanacha s'aici a chur ar fáil. Agus béim shoiléir againn ar an iompar, uisce agus pleanáil, tuigeann muid an méid is gá dúinn a dhéanamh, an fáth ar gá dúinn é a dhéanamh, agus an dóigh a roghnóidh muid na tosaíochtaí maidir le hairgead poiblí (atá ag éirí níos luachmhaire) a úsáid.

## AN PLEAN SAINORDAITHE

Sa Phlean Sainordaithe, tugtar achoimre ar na príomhthosaíochtaí agus ar na príomhchuspóirí is mian leis an Aire a thabhairt chun cinn le linn shainordú an Tionóil seo go dtí Mí na Bealtaine 2027.

## AN PLEAN GNÓ

Leagtar amach anseo i bPlean Gnó na Roinne na tionscnaimh a dtabharfaidh an Roinn fúthu le linn na bliana 2025-2026 lenár mbonneagar poiblí a chothabháil agus a bhainistiú. Leagtar amach ann na príomhdhúshláin agus na príomhthosaíochtaí atá ag an Roinn don bhliain amach romhainn agus iad siúd leagtha amach i gcoinne an bhuiséid leithdháilte.

## AN CLÁR DON RIALTAS

An Clár don Rialtas 2024- 27 'Ár bPlean: Doing What Matters Most' Foilsíodh é ar an 3 Márta 2025 i ndiaidh comhairliúchán poiblí a mhair ocht seachtaine. Tugtar achoimre ar na tosaíochtaí don Fheidhmeannas a dhéanfadh difear mór do shaol na ndaoine anseo. Sa Chlár don Rialtas, tá naoi dtosaíocht phráinneacha ardleibhéil agus aithnítear sa chlár sin gur crann taca é an bonneagar. Aithnítear ann fosta an tábhacht le maoiniú ionas gur féidir dul i ngleic leis an bhonneagar ríthábhachtach i dTuaisceart Éireann atá imithe in olcas agus an bonneagar sin a chothabháil: ár sócmhainní fuíolluisce ina measc.

Ní hí an Roinn Pobal an roinn ceannais do thosaíochtaí ar bith sa Chlár don Rialtas. É sin ráite, beidh ról bunúsach aici mar áisitheoir i roinnt díobh. Geilleagar Inbhuanaithe atá Iomaíoch ar bhonn Domhanda a Fhás; Níos Mó Tithíocht Shóisialta, Inacmhainne agus Inbhuanaithe a chur ar fáil; Loch nEathach agus an Comhshaol a Chosaint; Leasú agus Claochlú ar Sheirbhísí Poiblí. Cuideoidh an Clár don Rialtas le cláir agus pleanáil ghnó a bheas ann amach anseo a mhúnlú taobh istigh den Roinn don chuid eile de shainordú seo an Tionóil.

## CREAT SOLÁTHAIR NA ROINNE BONNEAGAIR

Tá Creat Soláthair na Roinne Bonneagar curtha le chéile ag an Roinn, ina gcuimsíonn na gnéithe uilig de na dociméid thuas ar leathanach amháin. Ba cheart tuiscint a bheith ag an fhoireann uilig taobh istigh den Roinn ar an dóigh a gcuireann a róil agus a n-iarrachtaí le cuspóirí uilegabhálacha na Roinne a bhfuil achoimre tugtha orthu sa chreat soláthair.

## CREAT SOLÁTHAIR NA RB

| | DAOINE ▲ ● | AN DOMHAN ● ◆ | RATH ● |
|---|---|---|---|
| UAILLMHIAN NA RB | Seirbhísí a chur ar fáil dár bpobail fríd ár sócmhainní bonneagair a sholáthar agus a chothabháil go sábháilte. | Dul i ngleic leis an athrú aeráide fríd athrú inbhuanaithe an bhonneagair agus na seirbhísí s'againn. | Forbairt agus pleanáil a dhéanamh do bhonneagar agus do chóras pleanála a chuireann leis an rath, a spreagann fás eacnamaíoch agus a fheabhsaíonn nascacht agus ceangal le háit. |
| SPRIOCANNA NA RB | // Ionchuimsitheacht agus rochtain do chách a chur chun cinn.<br>// Bíodh páirtithe leasmhara páirteach i bhforbairt agus i bhfeidhmiú ár mbonneagar.<br>// Tús áite a thabhairt don tSláinte agus Sábháilteacht, agus do Shábháilteacht ar Bhóithre.<br>// Ár sócmhainní atá ann fá láthair a chothabháil agus a fheabhsú don leibhéal atá de dhíth, úsáid modheolaíochta agus teicneolaíochta nua san áireamh.<br>// A chinntiú go leanann ár mbonneagar atá ann fá láthair de bheith ag cur ár seirbhísí ríthábhachtacha ar fáil agus go bhfeabhsaíonn sé caighdeán beatha daoine. | //Bonneagar a phleanáil agus infheistíocht a dhéanamh ann le dul in oiriúint don athrú aeráide agus le maolú ina aghaidh: bainistiocht riosca tuilte san áireamh.<br>// Pleanáil d'athruithe i seirbhísí agus i mbonneagar lenár n-oibleagáidí faoin Climate Change Act (Northern Ireland) 2022 a chomhlíonadh.<br>// Leanúint de bheith eochairsheirbhísí a dhícarbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sa dóigh is go mbeidh neodracht carbóin ann fá 2050.<br>// Naisc níos glaine agus níos glaise a chur chun cinn, naisc a spreagann athruithe iompraíochta. Íoslaghdaíonn na hathruithe sin an tionchar s'againn ar an chomhshaol.<br>// Tacú le maireachtáil inbhuanaithe agus bithéagsúlacht agus iad a chur chun cinn fríd bhonneagar gorm/glas a fhorbairt. | // Forbairt agus pleanáil a dhéanamh do bhonneagar a bheas ag tacú le fás agus táirgiúlacht eacnamaíoch agus sóisialta.<br>// Éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais pleanála a fheabhsú.<br>// Áiteanna cónaithe bríomhara a bhfuil rath orthu inar féidir le pobail agus an geilleagar a bheith faoi bhláth.<br>//An obair s'againn a dhíriú sa dóigh is go gcuirtear fás cothrom chun cinn agus go dtugtar aghaidh ar an mhíchothromaíocht réigiúnach. |

## NAISC LE CAIBIDIL/MISIN AN CHLÁIR DON RIALTAS:

▲ Na Rudaí is Mó Tábhacht a Dhéanamh Inniu

● Bunchlocha Nua a Thógáil

◆ Saol Níos Fearr a Mhúnlú Amach Anseo

# Buiséad 2025-26

Is é £637.1m Buiséad Acmhainní Deireanach na Roinne do 2025-26. Is ionann sin agus méadú £77.6m ó chéadbhuiséad 2024-2025. Tá an Roinn tearcmhaoinithe le blianta fada anuas agus mar sin, tá fáilte roimh an mhéadú seo i leithdháileadh acmhainní i mbuiséad na Roinne. Bíodh sin mar atá, ní chomhlíonann sé seo riachtanais na Roinne agus mar sin, tá cinntí déanta maidir le tús áite a thabhairt don bhuiséad.

Is é £917m Buiséad Caipitil Acmhainní Deireanach na Roinne do 2025-26. Is ionann sin agus méadú £63.4m ó chéadbhuiséad 2024-25. Mar gheall ar an toradh seo ón bhuiséad caipitil seo, beidh an cumas sa Roinn scéimeanna bonneagair a thabhairt chun cinn, bonneagar ríthábhachtach a chothabháil. É sin ráite, ba ghá le scéimeanna a chur in ord tosaíochta.

# Plean Gnó na Roinne Bonneagair do 2025-26

Léirítear sa Phlean Gnó do 2025-26 na trí réimse soláthair ar leith atá ag an Roinn agus an dóigh a dtacaítear leo fríd ghníomhartha lárnacha na Roinne.

Roinn 1 - Táirgí Iompair

Roinn 2 - Táirgí Uisce

Roinn 3 - Táirgí Pleanála

Roinn 4 - Táirgí Rannacha

# DEPARTMENTAL ACTIONS FOR 2025-26

| Uimhir | Gníomh | Amscála | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha Iompair do 2025-26** | | | |
| 1 | Conair Iompair an Iarthair, mar atá, an A5, a thabhairt chun cinn idir taobh ó dheas den tSrath Bán agus Baile Uí Dhálaigh | Earrach na bliana 2026 | Colin Hutchinson |
| 2 | Soláthar na rudaí seo a leanas a thabhairt chun cinn: | | Jonathan Saulters |
| | // Seachbhealach Deisceartach Inis Ceithleann ar an A4. | Earrach na bliana 2026 | |
| | // An Droichead Lagáin do Choisithe & do Rothair. | Geimhreadh 2025 | |
| | // Cumair A1 Céim 2: Scéim Feabhsúcháin an Bhóthair. | Earrach na bliana 2026 | |
| 3 | Leanúint ar aghaidh leis na rudaí seo a leanas: | | Jonathan Saulters |
| | // Seachbhealach na Coirre Críochaí ar an A29 – Déan an tOrdú Treorach, faomhadh an Cháis Gnó. | Earrach na bliana 2026 | |
| | // Bóthar Faoisimh Deisceartach an Iúir– Tá socrú le déanamh ar an bhealach chun tosaigh i ndiaidh an chomhairliúcháin. | Fómhar na bliana 2025 | |
| | // Cois Abhann Dhoire – sainchomhairlí a cheapadh, dearadh mionsonraithe a thosú. | Fómhar na bliana 2025 | |
| | // Droichead Coisithe an tSrátha Báin – sainchomhairlí a cheapadh, dearadh mionsonraithe a thosú. | Fómhar na bliana 2025 | |
| | // A24: Seachbhealach Bhaile na hInse – Obair forbartha a atosú. | Samhradh na bliana 2025 | |
| | // Acomhal Mhotarbhealaí Shráid Eabhrac– Fiosriú a dhéanamh ar mhaoiniú eile. | Fómhar na bliana 2025 | |
| 4 | Leanúint de bheith an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm fríd: | | Liam McEvoy<br>Chris Hughes |
| | // Luasteorainneacha 20msu agus luasteorainneacha atá i bhfeidhm cuid den am a chur i bhfeidhm ag 40 scoil; | Márta 2026 | |
| | // An Scéim Chéimnithe do Cheadúnú Tiomanaithe; agus | Márta 2026 | |
| | // Plean Gnímh a fhoilsiú le tacú leis an Straitéis um Shábáilteacht ar Bhóithre | Meán Fómhair 2025 | |

| Uimhir | Gníomh | Amscála | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| 5 | Dul chun cinn a dhéanamh ar an dara céim de Chóras Meariompair Bhéal Feirste fríd: | | |
| | // cheadú a fháil don Chás Gnó Imlíne; | Fómhar na bliana 2025 | Jonathan Saulters |
| | // tús a chur le hobair deartha mionsonraithe. | Fómhar na bliana 2025 | Jonathan Saulters |
| 6 | Tús áite a chur do na moltaí agus na hidirghabhálacha san All-Island Strategic Rail Review.<br>Na staidéir indéantacha a chur chun críche sna rudaí seo a leanas: | Márta 2026 | Brenda Burke |
| | // Athoscailt na líne idir Aontroim agus Lios na gCearrbhach (agus nasc le hAerphort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste); | Iúil 2025 | Peter Rice |
| | // Ard Mhacha-Port an Dúnáin; | Iúil 2025 | |
| | // Leictriúchán na líne idir Béal Feirste agus an teorainn agus na líne idir Port an Dúnáin agus Doire. | Iúil 2025 | |
| 7 | Plean Soláthair don Taisteal Ghníomhach a fhoilsiú. | Deireadh Fómhair 2025 | Colin Hutchinson |
| 8 | Soláthar ar fheabhsuithe ar an bhonneagar don taisteal ghníomhach lena n-áirítear: | Márta 2026 | Colin Hutchinson |
| | // Ceithre scéim ar a laghad a thógáil ar Ghréasán Rothaíochta Bhéal Feirste agus an dearadh do chúig cinn níos mó ar a laghad a chur chun críche. | | |
| | // Cúig cinn déag de thionscadál a thógáil agus tús a chur leis an dearadh do dheich scéim tosaíochta eile, ar a laghad, ón Phlean Soláthair um Thaisteal Ghníomhach. | | |
| | // Tús a chur leis an dearadh do shé mhórthionscadál inaithneanta a bhaineann leis an taisteal ghníomhach. | | |
| 9 | Cláir oideachais is bolscaireachta a bhaineann leis an taisteal ghníomhach a chur ar fáil i scoileanna lena n-áirítear: | | Colin Hutchinson |
| | // Ar a laghad, chuaigh 5000 duine óga faoi oiliúint fríd an Scéim Oilteachta Rothaíochta. | Nollaig 2025 | |
| | // Teagmháil a dhéanamh le 15 scoil ar a laghad le bheith rannpháirteach dul faoi oiliúint i Sábháilteacht ar Bhóithre maidir le Coisithe. | Nollaig 2025 | |
| | // Sustrans Active Schools Travel Programme a chur ar fáil i 180 scoil fríd ár gcomphháirtíocht leis an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí. | Márta 2026 | |
| 10 | Tús a chur le teagmháil leis an phobal maidir leis an chuid sin den Phlean Iompair Thoir darbh ainm Plean Iompair Bhéal Feirste. | Meán Fómhair 2025 | Sian Kerr |

| Uimhir | Gníomh | Amscála | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| 11 | Céim 1 den athbhreithniú ar bheartas tacsaí agus reachtaíocht - athbhreithniú ar cheadúnú tacsaí de 'Rang C'. | Márta 2026 | Brenda Burke |
| 12 | An gréasán bóithre a chothabháil taobh istigh de na hacmhainní atá ar fáil fríd chuir chuige nua dírithe agus idirghabhálacha spriocdhírithe de chaighdeán níos airde. | Márta 2026 | Colin Sykes |
| **Gníomhartha Uisce do 2025-26** | | | |
| 13 | Dréachtchás Gnó Imlíne a chur le chéile don Ionad Réamhfhaisnéise Tuilte le réamhfhaisnéisí tuilte tráthúla cruinn a chur ar fáil, rud atá ríthábhachtach don fhreagairt éifeachtach ar eachtraí tuilte, go háirithe i gcomhthéacs an riosca méadaithe a bhainistiú. Is mar gheall ar an athrú aeráide atá an riosca méadaithe. | Márta 2026 | Gary Quinn |
| 14 | Tús a chur leis an Scéim Maolaithe Tuilte in Iúr Cinn Trá, céim 2a, i gcomhar le tionscadal athnuachain na Comhairle | Márta 2026 | Jonathan McKee |
| 15 | Tús a chur leis an tsoláthar don scéim maolaithe tuilte i bPort an Dúnáin. | Márta 2026 | Jonathan McKee |
| 16 | Treochlár Digiteach Aibhneacha a chur le chéile le cur leis an chumas riosca tuilte a thuar, a chosc agus a bhainistiú, rud a chosnaíonn beathaí agus réadmhaoin. | Meitheamh 2025 | Gary Quinn |
| 17 | An Plean 'Ag Maireachtáil le hUisce' i nDoire a fhoilsiú i ndiaidh comhairliúchán poiblí. | Nollaig 2025 | Simon Richardson |
| 18 | Tograí do Dhréachtbheartais maidir le SuDS a chur le chéile (Dearadh, faomhadh, feidhmiú and cothabháil). | Nollaig 2025 | Simon Richardson |
| 19 | Water, Sustainable Drainage and Flood Management Bill a thabhairt isteach sa Tionól, rud a ligfidh don Roinn treoir a chur amach ar dhearadh, cothabháil agus úsáid na gCóras Inbhuanaithe Draenála san am atá le teacht. | Meán Fómhair 2025 | Alison Clydesdale |
| 20 | Reachtaíocht thánaisteach a thabhairt chun cinn le tús a chur leis an Resevoirs Act (NI) 2015. | Nollaig 2025 | Alison Clydesdale |
| Gníomhartha Pleanála do 2025-26 | | | |
| 21 | Leanúint ar aghaidh le soláthar Chéim 2 den Chlár um Pleanáil a Feabhsú (i gcomhoibriú le rialtas áitiúil). | Márta 2026 | Rosemary Daly |

| Uimhir | Gníomh | Amscála | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|
| 22 | Fo-reachtaíocht a thabhairt chun cinn le Céim 1 den athbhreithniú ar Rialacháin (Bainistíocht Forbartha) Pleanála (TÉ) 2015 a chríochniú agus teagmháil ar líne a thabhairt isteach sa phróiseas Réamhiarratais ar Chomhairliúchán Pobail agus stádas lánroghnach a chur ar Éisteachtaí Réamhchinntí do chomhairlí. | Lúnasa 2025 | Rosemary Daly |
| | Céim 2 d'athbhreithniú ar Rialacháin Pleanála (Bainistíocht Forbartha) TÉ 2015 a thabhairt chun cinn fríd fho-reachtaíocht a chur le chéile leis an sceideal ranganna agus na tairsí d'fhorbairt a nuashonrú. (.i. forbairt áitiúil, mórfhorbairt agus forbairt atá suntasach ar bhonn réigiúnach). | Márta 2026 | |
| 23 | An Scéim Pleanála do dhuine atá faoi oiliúint a sheoladh. | Eanáir 2026 | Rosemary Daly |
| 24 | Tuarascáil Bhliantúil ar an chóras pleanála réigiúnach a chur le chéile; agus leanúint ar aghaidh le Creat Pleanála um Fheidhmíocht & Feabhas a chruthú. | Deireadh Fómhair 2025 | Rosemary Daly |
| 25 | Príomhghníomhartha a sholáthair leis an phróiseas don Phlean Forbartha Áitiúla a chuíchóiriú. | Márta 2026 | Kathryn McFerran |
| 26 | Fo-reachtaíocht a thabhairt chun cinn le muirear a thabhairt isteach d'iarratais den cineál seo: 'athruithe neamhábhartha' agus ''scaoileadh coinníollacha'.. | Márta 2026 | Rosemary Daly |
| 27 | Na hullmhúcháin a thabhairt chun cinn d'fhiosrúcháin agus cigirí neamhspleácha a cheapadh do Phleananna Forbartha Áitiúla agus obair 'Éisteacht agus Déan Tuarascáil' i 2026-27. | Márta 2026 | Judith Andrews |
| 28 | Beartas um Pleanáil Straitéiseach Réigiúnach nua maidir le fuinneamh in-athnuaite agus ísealcharbóin, i ndiaidh comhaontú sa Choiste Feidhmeannais. | Meán Fómhair 2025 | Kathryn McFerran |
| **Gníomhartha Trasghearrtha do 2025-2026** | | | |
| 29 | Dréacht-Straitéis Ionchuimsithe sa Roinn Bonneagair a fhorbairt, i ndiaidh teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara atá an-tábhachtach. | Meán Fómhair 2025 | Patricia McIntyre |
| 30 | Oiliúint Comhionannais ar Mhíchumas a sholáthar agus a chur ar fáil do státseirbhísigh shinsearacha sa Roinn Bonneagair. | Meitheamh 2025 | Patricia McIntyre |

# An dul chun cinn s’againn / Faireachán ar an Phleann

Mar chuid den timthriall pleanála gnó, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar faireachán ar an Phlean Gnó i rith na bliana. Dá bhrí sin, tabharfaidh an Roinn Bonneagar faoi fhaireachán gach ráithe ar an Phlean Gnó.

| An Tréimhse Tuarascála | An Tréimhse Ama | Uainiú Táscach do na tuarascálacha ar an dul chun cinn. |
|---|---|---|
| Ráithe 1 & 2 | Aibreán – Meán Fómhair | Deireadh Fómhair 2025 |
| Ráithe 3 | Deireadh Fómhair - Nollaig | Nollaig 2025 |
| Ráithe 4 | Eanáir - Márta | Le deimhniú |

Éileoidh an faireachán seo ar na réimsí gnó éagsúla nuashonrú a thabhairt ar an stádas reatha de sholáthar an phlean, agus ina measc sin, nuashonruithe ar bith a bhaineann le bearta agus gníomhartha feidhmíochta, chomh maith le leasú ar an dáta seachadta a bhfuiltear ag súil leis. Beidh orthu fosta an stádas Dearg-Buí-Uaine a chur san áireamh do achan réimse. Cuirfear na nuashonruithe seo ar fáil don Aire, don Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta agus do Bhord na Roinne.

## COMHIONANNAS

Tá an Roinn tiomanta dá dualgais reachtúla faoi Alt 75 den Northern Ireland Act 1998 agus faoin Rural Needs (NI) Act 2016 a chomhlíonadh inár ngnóthaí uilig. Leagtar amach i Scéim Comhionannais na Roinne an dóigha gcinnteoidh muid an comhionannas deiseanna agus na dea-chaidrimh agus muid ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna s’againn.

Tá scagadh ar an chomhionannas déanta ar an Phlean Gnó seo. Is dócha go mbeidh ar na réimsí gnó ábhartha na measúnuithe comhionannais a dhéanamh ar roinnt mhaith de na gníomhartha atá sa Phlean.

Department for
Infrastructure
An Roinn
Bonneagair
Depairtment fur
Infrastructure
www.infrastructure-ni.gov.uk

An Roinn Bonneagair
An Rannóg um Straitéis Chorparáideach & Feidhmíocht
Teach Shéamais
Oibreacha Gáis, 2-4 Ascaill Cromóige
Béal Feirste
BT7 2JA